# Clár agus ardán 12 phointe I Wor Kuen

(1969)

*Eagraíocht réabhlóideach ab ea I Wor Kuen a d'eascair ón gClé Úr i measc na náisiún éagsúil de chuid na hÁise a a bhí ag maireachtáil sna Stáit Aontaithe; sa bhliain 1969 a cuireadh tús leis agus tháinig deireadh leis i mí Mheán Fómhair, 1978 nuair a nasc sé le gluaiseacht an 29 Lúnasa, eagraíocht réabhlóideach eile a raibh a chuid préamhacha aici i streachailt Chicano ar son na saoirse.* (ó "Fists For Revolution" le Fred Ho a tógadh an méid seo thíos, píosa ón saothar breá úd *Legacy to Liberation: Politics and Culture of Revolutionary Asian Pacific America*, a raibh Ho féin mar eagarthóir air).

Tá drongadóirí santacha fealltacha ár bpobal féin agus na mórshochaí ciníche Meiriceánaí ag déanamh cos ar bolg ar dhaoine Áiseacha i Meiriceá le fada. Táimid bodhar ag bréagsmaointe na meán (nuachtáin, teilfís, raidió agus scoileanna) a deir gur cheart dúinn glacadh leis an stádas atá againn sa tsochaí. Tá gach iarracht ar bun acu ár n-intinn a mhúnlú, agus chuir siad de cheangal orainn fiú imeacht thar sáile d'fhonn troid i gcoinne ár muintire féin san Áis Thoir Theas.

Ach tá Meiriceánaigh Áiseacha tar éis a bheith ag troid i gcoinne dhaorsmacht na tíre seo riamh ó bhlaiseamar seirbhe an chiníochais agus an dúshaothraithe Mheiriceánaigh an chéad lá anall. Fuair ár gcúis spreagadh agus neart ó ghaiscí na staire faide a bhaineann le streachailt na Meiriceánach Áiseach. Ní fhéadfaimis cur suas leis na coinníollacha leatromacha a thuilleadh. Ní fhéadfaimis ligean do streachailtí ár sinsear dul i vásta. Tuigimid cé hiad is fíornamhaide dúinn, cé hiad is fíorchairde dúinn, agus tá neart úr anois ionainn óir táimid dlúthpháirteach lenár ndeirfiúracha agus ár ndeartháireacha sa tír seo agus i dtíortha ar fud an domhain sa troid ar son na saoirse agus an cheartais i gcoinne cheannairí na tíre seo.

Bhaineamar triail as bealaí síochánta amhail achainíocha, cúirteanna, vótáil, agus léirsithe. Ach níor athraigh faic. Nílimid saor.

Ba mhaith linn feabhas a chur ar dhálaí maireachtála ár muintire agus táimid ag ullmhú le cosaint a dhéanamh ar ár bpobail i gcoinne na daorsmachta agus le cogadh armtha a chur ar na drongadóirí, ar an lucht gnó, ar pholaiteoirí, agus ar na póilíní. Nuair a chuireann rialtas cos ar bolg ar na daoine gan freastal ar riachtanais na ndaoine a thuilleadh, bíonn sé de cheart acu deireadh a chur leis agus ceann nua ar fad a bhunú.

Táimid ag obair ar son domhan síochánta, inarb iad riachtanais na ndaoine an rud is tábhachtaí, domhan nach ndéanfadh dealú idir aicmí, agus a bheadh bunaithe ar ghrá agus ar aontacht gach pobail.

Is iad seo an 12 phointe a bhfuilimid go léir ag troid ar a son.

1. ÉILÍMID CEART FÉIN-CHINNTIÚCHÁIN DO GACH MEIRICEÁNACH ÁISEACH.

I ngeiteonna a mhaireann na sluaite daoine Áiseacha i Meiriceá, agus is geall le coilíneachtaí beaga iad. Féachann na caipitlithe Meiriceánacha de shíor le brabús a thuilleamh dár ndroim trí athrú a dhéanamh ar ár slite beatha go léir ar mhaithe leo féin. Ba mhaith linn a bheith saor ón sclábhaíocht seo le gur féidir ár gcinniúint féin a chinneadh.

2. ÉILÍMID CEART FÉIN-CHINNTIÚCHÁIN DO GACH ÁISEACH.

Tá impiriúlaithe an Iarthair ag déanamh idir ionradh agus coilíniú ar thíortha san Áis le 500 bliain anuas. Tá impiriúlachas Mheiriceá anois ag díriú ar an Áis agus tá sé sáite faoi láthair

sa chogadh ionsaithe dá shádaí agus dá chinedhíothaí dá bhfaca an domhan riamh roimhe seo. Éilímid go gcuirfí deireadh láithreach le himpiriúlacht Mheiriceá.

3. ÉILÍMID SAOIRSE DO DHAOINE AR FUD AN TRÍÚ DOMHAIN AGUS DO GACH POBAL EILE ATÁ FAOI DHAORSMACHT.

Tá daoine daite, Áisigh, daoine gorma, daoine, daoine rua go léir ag troid ar son na saoire ó dhaorsmacht chiníoch Mheiriceá. Tá na milliúin agus na milliúin daoine geala ag seasamh leis an troid i gcoinne an tíoránaigh chomónta. Aithnímid nach mbeimid go léir saor go dtí go gcuirfear deireadh leis an daorsmacht a dhéantar ar gach duine eile.

4. ÉILÍMID GO gCUIRFÍ DEIREADH LE SEOBHAINEACHAS NA bhFEAR AGUS LE TEACHT I dTÍR GNÉASACH

I gcaitheamh na mílte bliain daorsmachta faoin bhfeodachas agus faoin gcaipitleachas, cruthaíodh institiúidí agus miotais a mhaígh go raibh forlámhas ag na fir os cionn na mban. Is gá don fhear troid taobh lena dheirfiúracha sa streachailt seo ar son comhionannas eacnamaíoch agus comhionannas sóisialta agus is gá dó a aithint gurb iad a chuid deirfiúracha a dhéanann suas os cionn leathchuid den airm réabhlóideach. Tá deartháireacha agus deirfiúracha ar chomhchéim sa streachailt ar son ár muintire.

5. ÉILÍMID GO mBEADH SMACHT POBALBHUNAITHE I bhFEIDHM AR ÁR gCUID INSTITIÚIDÍ AGUS ÁR gCUID TALÚN.

Is gá gurb iad na daoine féin a bheidh i bhfeighil ar institiúidí ár bpobail amhail na bpóilíní, na scoileanna, an córas sláinte, tithíocht, sláintíocht, gníomhaíocht frith-thruaillithe, agus leas sóisialta, agus níor cheart gur i dtreo airgead a thuilleamh a bhíonn na hinstitiúidí ann. Ba mhaith linn go gcuirfí deireadh leis an leas a bhaint as ár bpobail chun brabúis a thuilleamh do dhaoine ón lasmuigh, do thiarnaí slumaí.

6. ÉILÍMID CÓRAS OIDEACHAIS A CHAITHEANN SOLAS AR FHÍORSTAIR AN IMPIRIÚLACHAIS IARTHARAIGH SAN ÁIS AGUS AR FUD AN DOMHAIN: CÓRAS OIDEACHAIS A MHÍNÍONN DÚINN CRUACHÁS AGUS STREACHAILTÍ ÁR SINSEAR SA TÍR SEO AGUS A NOCHTANN NÁDÚR DÚSHAOTHRAITHE DRABHLÁSACH NA SOCHAÍ MEIRICEÁNAÍ.

Tá na himpiriúlaithe Meiriceánacha ag iarraidh bonn a thabhairt dá n-impireacht dhomhanda trína gcuid gníomhartha mídhaonna san Áis agus sa chuid eile den tríú domhan a chur i bhfolach uainn. Bíonn siad ag iarraidh múnlú intinne a dhéanamh orainn ar scoil le stair chiníoch nach luann an t-anró, an daorsmacht ná an náiriú a d’fhulaing Áisigh agus daoine eile ón Tríu Domhan i Meiriceá. Ba mhaith linn fáil amach mar gheall ar na streachailtí gaisciúla spreagúla a chuir muintir na hÁise ar bun ar fud an domhain agus i Meiriceá chomh maith.

7. ÉILÍMID TITHÍOCHT, CÓRAIS SLÁINTE AGUS CÚRAM CLAINNE ATÁ AR CHAIGHDEÁN SÁSÚIL

Is ar mhaithe le hairgead a thuilleamh do thiarnaí talún, dochtúirí, ospidéil agus comhlachtaí drugaí a bhunaítear institiúidí tithíochta, sláinte agus cúram. Éilímid tithíocht, córais sláinte agus cúram clainne a bhronnann orainn an bheatha seachas an bás malltriallach.

8. ÉILÍMID SAOIRSE DO GACH PRÍOSÚNACH POLAITIÚIL AGUS DO GACH ÁISEACH.

Ba chóir saoirse a bhronnadh ar ár ndeartháireacha agus ár ndeirfiúracha Áiseacha atá i gcarcar faoi láthair i gcillíní ciníocha Mheiriceá mar nach iad a dhream féin (deartháireacha agus deirfiúracha Áiseacha leothu) a thriail iad. Tá príosúnaigh pholaitiúla sa phríosún mar gur throid siad ar son a saoirse agus a gcearta bunúsacha mar dhaoine. Is gá iad go léir a scaoileadh saor.

9. ÉILÍMID GO gCUIRFÍ DEIREADH LE hAIRM MHEIRICEÁ.

Tá meaisín míleata Mheiriceá i mbun búistéireacht a dhéanamh ar dhaoine ar fud an domhain agus san Áis go háirithe. Áireofar dul in éag airm Mheiriceá ar an éacht is mó a bhainfear amach i stair an tsaortha agus an chine dhaonna. Éilímid go mbeadh gach Meiriceánach Áiseach saor ón tseirbhís mhíleata.

10. ÉILÍMID GO gCUIRFÍ DEIREADH LEIS AN gCINÍOCHAS.

Tá an ciníochas geal ag déanamh cos ar bolg ar an Tríú Domhan le 500 bliain anuas. Cé go n-aithnímid daoine geala forásacha atá gníomhach sa streachailt fhrith-impiriúlach, agus go dtacaímid leo, ba chóir dúinn leanúint den streachailt i gcoinne an chiníochais ghil ar gach leibhéal. Tá an ciníochas a léiríonn an Tríú Domhain i gcoinne a chéile á bhriseadh síos agus tá aontacht nua á cruthú sa streachailt i gcoinne an namhaid chomónta.

11. ÉILÍMID GO gCUIRFÍ DEIREADH LE TEORANNACHA TÍREOLAÍOCHA MHEIRICEÁ.

Tír bhradach í Meiriceá ó thús. Le lámh láidir, ghoid sí ó bhundúchasaigh, ó phobal Chicano agus ón bpobal Laidineach, agus ó phobail eile nach iad. Bagairt agus foréigean an t-aon chur chuige atá anois ag Meiriceá chun a teorannacha a chosaint ó lasmuigh agus ó laistigh. Ba mhaith linn go mbeadh daoine saor le taisteal go Meiriceá agus amach as arís. Is iad muintir an domhain a thóg Meiriceá, agus is gá dóibh anois a gcinniúint a chinneadh. Trí shrian a chur leis an eolas a thagann ó Phoblacht na Síne, ón Albáin, ó Chóiré Thuaidh agus ó Vitneam Thuaidh, agus trí shrian a chur le cead taistil chuig na háiteanna sin, tá an dallamullóg curtha ag Meiriceá ar na daoine a mhaireann anseo maidir le fírinne an tsóisialachais. Éilímid go n-osclófaí na teorannacha agus go gcuirfí deireadh le hinimirce agus le ciapadh imirce.

12. ÉILÍMID SOCHAÍ SHÓISIALACH.

Is é atá i Meiriceá an lae inniu ná sochaí inar gá d'fhear amháin teacht i dtír ar an bhfear eile le go mairfeadh sé in aon chor. Éilímid sochaí a bhíonn ag obair i dtreo riachtanais na ndaoine a chomhlíonadh. Éilímid tithíocht shásúil, córais sláinte, cúram clainne, fostaíocht, sláintíocht, agus aire don tseanaois. Éilímid sochaí nach gcaillfear aon fhear ná aon bhean a mhaireann inti de dheasca easpa ó thaobh bia, cúram sláinte nó sláinte, ina dtugann cách de réir a chumais agus go dtógann siad de réir a ngátair.